Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 1 Nollaig 2023
(OR. en)

16001/23

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0451(NLE)**

**POLCOM 285**
**SERVICES 53**
**COASI 211**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 1 Nollaig 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2023) 773 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Phrótacail lena leasaítear an Comhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche idir an tAontas Eorpach agus an tSeapáin a mhéid a bhaineann le saorshreabhadh sonraí |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2023) 773 final.

---

Faoi iamh: COM(2023) 773 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 1.12.2023
COM(2023) 773 final

2023/0451 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

**maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Phrótacail lena leasaítear an Comhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche idir an tAontas Eorpach agus an tSeapáin a mhéid a bhaineann le saorshreabhadh sonraí**

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

Le cinneadh uaithi an 12 Iúil 2023, d'fhormheas an Chomhairle treoracha caibidlíochta don Choimisiún chun a chaibidliú go ndéanfaí forálacha maidir le sreafaí trasteorann sonraí a chur leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche idir an tAontas Eorpach agus an tSeapáin[1].

An 24 Deireadh Fómhair 2022, chuir an tAontas agus an tSeapáin tús leis an gcaibidlíocht maidir le sreafaí trasteorann sonraí. Tugadh an chaibidlíocht i gcrích i bprionsabal an 28 Deireadh Fómhair 2023.

Tá an tAontas agus an tSeapáin ar na geilleagair dhigiteacha is mó ar domhain. Tá an tAontas ag iarraidh dlús a chur leis na tairbhí a bhaineann le tuilleadh digiteála ar an ngeilleagar agus ar an tsochaí dhomhanda agus chun leas a bhaint astu. Tá rialachas sonraí agus sreafaí trasteorann sonraí ríthábhachtach don fhorbairt sin.

Is ar shonraí atá cuid mhór gnólachtaí ag brath agus is comhchuid ríthábhachtach de shamhlacha gnó agus de shlabhraí soláthair iad ar fud roinnt earnálacha eacnamaíocha. Leis an gcomhaontú, tugtar deimhneacht dhlíthiúil a bhfuil géarghá léi nach gcuirfear isteach ar shreafaí sonraí idir an tAontas agus an tSeapáin mar gheall ar bhearta logánaithe sonraí nach bhfuil údar leo, agus áirithítear leis go mbainfear tairbhe as saorshreabhadh sonraí agus go mbeidh muinín as, i gcomhréir iomlán lenár rialacha faoi seach maidir le cosaint sonraí agus an geilleagar digiteach.

Le torthaí na caibidlíochta, deimhnítear tiomantas leanúnach an Aontais agus na Seapáine don chóras trádála idirnáisiúnta atá bunaithe ar rialacha agus a dhiongbháilte atá siad rialacha maidir le sreabhadh domhanda sonraí a mhúnlú lena n-urramaítear luachanna comhroinnte agus a gcur chuige rialála faoi leith.

### • Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana

Trí rialacha a chomhaontú lena dtéitear i ngleic le baic gan údar roimh shreafaí sonraí agus neamhspleáchas rialála á choinneáil san am céanna i réimse na cosanta sonraí agus an phríobháideachais, cuireann an togra leis na cuspóirí a leagtar síos i dTeachtaireacht an 18 Feabhra 2021 ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, agus chuig Coiste na Réigiún[2].

### • Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais

Leis na rialacha a caibidlíodh maidir le sreafaí trasteorann sonraí leis an tSeapáin, comhlánaítear an comhshocrú leordhóthanachta frithpháirtí atá ann cheana idir an tAontas agus an tSeapáin maidir le sonraí pearsanta[3], agus tá siad i gcomhréir leis an togra comhdhlúite le haghaidh forálacha maidir le sreafaí trasteorann sonraí agus le cosaint na

---

1 Comhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche idir an tAontas agus an tSeapáin (IO L 330, 27.12.2018, lch. 3).

2 Athbhreithniú ar an mBeartas Trádála – Beartas Trádála Oscailte, Inbhuanaithe agus Teanntásach, COM(2021) 66 final.

3 Glacann an Coimisiún Eorpach cinneadh leordhóthanachta maidir leis an tSeapáin, lena gcruthaítear an limistéar sreafaí sonraí slán is mó ar domhan (europa.eu); EUR-Lex - 32019D0419 - EN - EUR-Lex (europa.eu)

sonraí pearsanta agus an phríobháideachais i gcomhaontuithe trádála[4], agus leis an togra saothraítear straitéis an Choimisiúin a leagtar síos san Athbhreithniú ar an mBeartas Trádála, sa Straitéis Eorpach maidir le Sonraí, sa Teachtaireacht Chomhpháirteach i dtaca le Straitéis an Aontais maidir le comhar sa réigiún Ind-Chiúin-Aigéanach[5] agus sa Dearbhú Comhpháirteach maidir le príobháideachas agus cosaint sonraí pearsanta arna gcomhshíniú ag an Aontas agus ag an tSeapáin[6].

San athbhreithniú ar an mBeartas Trádála, thug an Coimisiún gealltanas*'go leanfaidh sé d'aghaidh a thabhairt ar bhaic gan údar le sreafaí sonraí ach caomhnóidh sé a neamhspleáchas rialála i réimsí chosaint na sonraí agus an phríobháideachais'*. Luaitear sa Straitéis Eorpach maidir le Sonraí[7]: *'Leanfaidh an tAontas d'aghaidh a thabhairt ar na baic gan údar le sreafaí sonraí le linn pléití déthaobhacha agus i bhfóraim idirnáisiúnta, lena n-áirítear an Eagraíocht Dhomhanda Trádála, ach cosnóidh sé na rialacha [agus caighdeáin] Eorpacha maidir le próiseáil sonraí agus cuirfidh sé chun cinn iad, i gcomhréir iomlán le reachtaíocht an Aontais'*. Sainaithnítear gur eilimint thábhachtach iad sreafaí sonraí sa Teachtaireacht Chomhpháirteach i ndáil le Straitéis an Aontais maidir le comhar sa réigiún Ind-Chiúin-Aigéanach[8].

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

### • Bunús dlí

Is é Airteagal 207 CFAE an bunús dlí substainteach.

Tá an Prótacal maidir le Leasú le síniú ag an Aontas de bhun cinneadh ón gComhairle bunaithe ar Airteagal 218(5) CFAE agus le tabhairt i gcrích ag an Aontas de bhun cinneadh ón gComhairle atá bunaithe ar Airteagal 218(6) CFAE, tar éis toiliú a fháil ó Pharlaimint na hEorpa.

### • Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)

An Prótacal maidir le Leasú mar a cuireadh i láthair na Comhairle, ní chumhdaítear leis aon ábhar nach dtagann faoi inniúlacht eisiach an Aontais.

### • Comhréireacht

Is iomchuí an modh iad na comhaontuithe trádála chun rialú a dhéanamh ar rochtain ar an margadh agus réimsí gaolmhara an chaidrimh eacnamaíoch chuimsithigh le tríú tír lasmuigh den Aontas. Níl aon rogha eile ann chun gealltanais agus iarrachtaí léirscaoilte den sórt sin a dhéanamh ceangailteach ó thaobh an dlí.

Leis an tionscnamh seo saothraítear go díreach cuspóir an Aontais maidir le gníomhaíocht sheachtrach agus rannchuidítear leis an tosaíocht pholaitiúil 'an tAontas Eorpach a bheith ina ghníomhaí domhanda níos láidre'. Tá sé i gcomhréir le treoshuíomhanna Straitéis Dhomhanda an Aontais Eorpaigh chun dul i gcaidreamh le páirtithe eile agus a chomhpháirtíochtaí

[4] https://ec.europa.eu/newsroom/just/items/627665
[5] Teachtaireacht Chomhpháirteach maidir le Straitéis an Aontais maidir le comhar sa réigiún Ind-Chiúin-Aigéanach JOIN(2021) 24 final
[6] Dearbhú Comhpháirteach maidir le príobháideachas agus cosaint sonraí pearsanta | EEAS (europa.eu)
[7] TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN, Straitéis Eorpach maidir le Sonraí, COM(2020) 66 final
[8] Teachtaireacht Chomhpháirteach maidir le Straitéis an Aontais maidir le comhar sa réigiún Ind-Chiúin-Aigéanach JOIN(2021) 24 final

seachtracha a athchóiriú ar bhealach freagrach, ionas go mbainfear amach tosaíochtaí seachtracha an Aontais. Rannchuidíonn sé le cuspóirí trádála agus forbartha an Aontais.

- **An rogha ionstraime**

Tá an togra seo i gcomhréir le hAirteagal 218(5) CFAE, lena bhforáiltear go nglacfaidh an Chomhairle cinntí maidir le síniú comhaontuithe idirnáisiúnta. Níl aon ionstraim dlí eile ann a d'fhéadfaí a úsáid chun an cuspóir a chuirtear in iúl sa togra seo a bhaint amach.

## 3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ *EX POST*, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí *ex post*/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

  Ní bhaineann le hábhar

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

  Ní bhaineann le hábhar

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

  Ní bhaineann le hábhar

- **Measúnú tionchair**

Ní bhaineann le hábhar

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Ní bhaineann le hábhar

- **Cearta bunúsacha**

Tá an moladh comhsheasmhach le Conarthaí an Aontais agus le Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais. Go háirithe, tríd an togra comhdhlúite a chur síos le haghaidh forálacha maidir le sreafaí trasteorann sonraí agus cosaint na sonraí pearsanta agus an phríobháideachais i gcomhaontuithe trádála, féachann an Coimisiún le neamhspleáchas rialála an Aontais i réimse na cosanta sonraí agus an phríobháideachais a choinneáil.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Ní bhaineann le hábhar

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Ní bhaineann le hábhar

- **Doiciméid mhíniúcháin (i gcás treoracha)**

Ní bhaineann le hábhar

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Tá 7 n-airteagal sa togra.

Baineann Airteagal 1 leis an leasú ar an gclár ábhar.

Baineann Airteagal 2 go príomha le sainmhíniú a chur isteach ar ‘duine cumhdaithe’ lena sainítear raon feidhme na bhforálacha lena mbaineann.

Baineann Airteagal 3 leis na rialacha maidir le haistriú trasteorann faisnéise trí mheán leictreonach ar bhonn liosta iata de bhearta toirmiscthe lena gcuirtear srian le sreabhadh trasteorann faisnéise agus eisceachtaí ábhartha.

Baineann Airteagal 4 le cosaint sonraí pearsanta. I gcomhréir le cleachtas an Aontais agus leis an togra comhdhlúite le haghaidh forálacha maidir le sreafaí trasteorann sonraí agus cosaint na sonraí pearsanta agus an phríobháideachais i gcomhaontuithe trádála, aithnítear an ceart atá ag gach Páirtí an leibhéal iomchuí príobháideachais agus cosanta sonraí pearsanta a chinneadh.

Le hAirteagal 5, foráiltear maidir leis an bhforáil a bhaineann le sonraí airgeadais a scriosadh.

Baineann Airteagal 6 leis an teacht i bhfeidhm.

Baineann Airteagal 7 leis na teangacha barántúla ina dtarraingítear suas an Prótacal.

2023/0451 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

## maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Phrótacail lena leasaítear an Comhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche idir an tAontas Eorpach agus an tSeapáin a mhéid a bhaineann le saorshreabhadh sonraí

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207(4), an chéad fhomhír, i gcomhar le hAirteagal 218(5) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 agus thug sé tuairim uaidh [dáta na tuairime],

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 12 Iúil 2023, d'údaraigh an Chomhairle an Coimisiún lena chaibidliú go ndéanfaí forálacha maidir le sreafaí trasteorann sonraí a chur leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche idir an tAontas agus an tSeapáin ('an Comhaontú').

(2) An 28 Deireadh Fómhair 2023, tugadh i gcrích an chaibidlíocht ar na forálacha maidir le sreafaí trasteorann sonraí atá le cur isteach sa Chomhaontú.

(3) Dá bhrí sin, ba cheart an Prótacal a shíniú thar ceann an Aontais, faoi réir a thabhairt i gcrích tráth is faide anonn,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leis seo, déantar síniú an Phrótacail lena leasaítear an Comhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche idir an tAontas Eorpach agus an tSeapáin maidir le saorshreabhadh sonraí ('an Prótacal') a fhormheas thar ceann an Aontais, faoi réir thabhairt i gcrích an Phrótacail.

Tá téacs an Phrótacail i gceangal leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Bunóidh Ardrúnaíocht na Comhairle an ionstraim lánchumhachtaí i ndáil le síniú an Phrótacail thar ceann an Aontais, faoi réir a thabhairt i gcrích, don duine nó do na daoine arna sonrú ag idirbheartaí an Phrótacail.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*